2023/2604

17.11.2023

RIALACHÁN (AE) 2023/2604 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2023

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh soithí tráil ghrinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu agus a dhíríonn ar an gcolmóir Eorpach i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha CGIM 12-13-14-15-16)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/195 ([2]) ón gComhairle deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023.

(2) Maidir leis an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh soithí tráil ghrinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil agus a dhíríonn ar an gcolmóir Eorpach i gCaolas na Sicile (an Coimisiún Ginearálta Iascaigh d'fholimistéir gheografacha 12, 13, 14, 15 agus 16 sa Mheánmhuir), meastar í a bheith bainte amach le haghaidh 2023, de réir na faisnéise a fuair an Coimisiún.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stocghrúpa sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú iarrachta

Maidir leis an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a leithdháileadh ar an Iodáil le haghaidh soithí tráil ghrinnill a dhíríonn ar an gcolmóir Eorpach i gCaolas na Sicile (an Coimisiún Ginearálta Iascaigh d'fholimistéir gheografacha 12, 13, 14, 15 agus 16 sa Mheánmhuir) le haghaidh 2023 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar í a bheith bainte amach ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh an stoic dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí tráil ghrinnill a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabhann na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 (IO L 28, 31.1.2023, lch. 220).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	14/TQ195
Ballstát	An Iodáil
Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta	EFF4/MED4_OTB2
Stocghrúpa	An colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*) i gCaolas na Sicile (FLGanna 12-13-14-15-16)
Na soithí lena mbaineann	Soithí tráil ghrinnill T-10
Dáta deiridh	10 Deireadh Fómhair 2023